Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**16129/24**

**JEUN 282**
**EDUC 442**
**SOC 864**
**EMPL 590**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le torthaí an 10ú Timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an rún thuasluaite, arna fhormheas ag an gComhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 25-26 Samhain 2024.

**IARSCRÍBHINN**

Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le torthaí an 10ú Timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AN MÉID SEO A LEANAS

AGUS É Á MHEABHRÚ ACU

1. Leis an rún seo, cuirtear leis an Rún maidir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027[1] lena n-áirítear Iarscríbhinn 1 (Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg) agus Iarscríbhinn 3 (Spriocanna Eorpacha don Óige), ar an Rún lena mbunaítear treoirlínte maidir le rialachas Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg[2], agus ar thorthaí thimthriallta oibre Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg roimhe sin. Le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, cuirtear rannphháirtíocht níos mó daoine óga i bpróisis chinnteoireachta chun cinn agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé daoine óga ó chúlraí éagsúla a mhealladh.

2. Is sásra rannpháirtíochta é Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg do dhaoine óga san Aontas Eorpach agus, i gcás inarb iomchuí, i dtíortha Eorpacha eile. Fónann sé mar fhóram le haghaidh machnamh comhpháirteach leanúnach, idirphlé díreach, agus le haghaidh comhairliúchán maidir le tosaíochtaí, cur chun feidhme agus bearta leantacha an chomhair i réimse na hóige ar leibhéal an Aontais idir daoine óga agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha, lucht ceaptha beartas agus taighdeoirí. Le hIdirphlé an Aontais leis an Aos Óg, is féidir comhpháirtíocht leanúnach a bheith ann maidir le rialachas na bpróiseas sin ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach.

---

[1] Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, IO C 456, 18.12.2018.

[2] Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena mbunaítear treoirlínte maidir le rialachas Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg, Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, IO C 189, 5.6.2019.

3. Bhí an 10ú timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg faoi stiúir na foirne trí Uachtaránacht, an Spáinn, an Bheilg agus an Ungáir, agus dhírigh sé ar Sprioc Eorpach #3 don Óige maidir le 'Sochaithe Cuimsitheacha' faoin mana 'TÁ AN ÓIGE DE DHÍTH ORAINN'.

4. Is é is aidhm don Rún seo a áirithiú go n-aithneoidh na geallsealbhóirí ábhartha ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais torthaí an 10ú timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg agus go ndéanfaidh siad obair leantach orthu chun cáilíocht agus leanúnachas a áirithiú i gcur chun feidhme phróiseas Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg agus sna torthaí a bhaineann leis, lena n-áirítear faireachán, aiseolas, cumarsáid agus meastóireacht. Tá sé beartaithe leis freisin trédhearcacht Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg a fheabhsú chomh maith le haiseolas a thabhairt ar an obair a rinneadh le linn an 10ú timthriall agus na dtimthriallta roimhe sin.

5. Rinne an Grúpa Stiúrtha Eorpach an 10ú timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg a chomhordú ar an leibhéal Eorpach. Tá na torthaí bunaithe ar Chomhdhálacha Óige an Aontais a bhí ag an bhfoireann trí Uachtaránacht, agus ar aiseolas ó dhaoine óga ó chomhairliúcháin agus ó imeachtaí ar gach leibhéal.

6. Ionchorpraíodh ag céim na gcomhairliúchán agus an chur chun feidhme raon éagsúil nuálach cur chuige cáilíochtúil agus cainníochtúil araon, lena n-áirítear suirbhéanna, imeachtaí idirphlé leis an aos óg ar líne agus as líne (mar shampla idirphlé beartais le Coimisinéirí), ceardlanna, taighde ar ghníomhaíocht rannpháirtíochta, babhtaí bailithe tuairimí agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun grúpaí éagsúla daoine óga a tharraingt isteach lena n-áirítear iad siúd ar lú na deiseanna atá acu.

AGUS É Á AITHINT ACU

7. Tá Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg bunaithe ar cheannaireacht agus úinéireacht chomhroinnte na Meithleacha Náisiúnta, i gcás inar féidir, arna chomhordú ag na Comhairlí Náisiúnta don Óige. Cuireann sé sin ar chumas raon éagsúil daoine óga páirt a ghlacadh in Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg agus nascann sé geallsealbhóirí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla difriúla leis an bpróiseas.

8. Cuireann Eagraíochtaí Idirnáisiúnta Neamhrialtasacha don Aos Óg raon tábhachtach peirspictíochtaí ó gach cearn den Eoraip leis an idirphlé beartais agus áirithíonn siad go mbíonn ionchur ar ardcháilíocht ann ar nós faisnéis ábhartha chun rannchuidiú leis an ngné thrasnáisiúnta de phróiseas Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg.

9. Bhí an 10ú timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg bunaithe ar phrionsabail an chomhair fhóintigh idir na trí uachtaránacht de chuid an Aontais a bhí rannpháirteach ann, a gComhairlí Náisiúnta don Óige faoi seach, an Coimisiún Eorpach agus Fóram Eorpach na nÓg. Le linn an 10ú timthriall, ba phríomhghné de stiúradh Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg é, mar shampla, go raibh Comhairlí Náisiúnta don Óige de chuid na hUachtaránachta ina gcomhchathaoirligh ar chruinnithe an Ghrúpa Stiúrtha Eorpaigh.

10. Le linn an 10ú timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg, rannchuidigh na gníomhaíochtaí a cuireadh chun cinn sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hoidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022[3] chomh maith leis na léargais a thugtar sa tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an meastóireacht eatramhach ar Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027 le hiarrachtaí ar leibhéal an Aontais rannpháirteachas agus rannpháirtíocht na hóige a chur chun cinn.

I bhFIANAISE AN MHÉID SEO A LEANAS

11. Ghlac daoine óga agus eagraíochtaí óige páirt fhóinteach ag gach céim (ullmhú, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht) den timthriall agus sna gníomhaíochtaí uile a bhaineann leis.

12. Tá creat glas eiticiúil den timthriall forbartha[4] ag an bhfoireann trí Uachtaránacht don 10ú Timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg chun aitheantas a thabhairt do ghnéithe comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha na hinbhuanaitheachta agus chun an próiseas a dhéanamh níos fóintí do dhaoine óga agus do lucht ceaptha beartas.

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022 (COM/2024/1 final).

[4] Verstappen, L., *Green and ethical framework for events during the Belgian EU Presidency in the field of youth* [Creat glas agus eiticiúil le haghaidh imeachtaí le linn Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh i réimse na hóige]. 2023. Uimhir iosta D/2023/3241/441.

AGUS É Á THABHAIRT DÁ nAIRE ACU

13. Chinn an fhoireann trí Uachtaránacht díriú ar fhosprioc 3 maidir le rochtain ar thimpeallachtaí foghlama, ar fhosprioc 4 maidir le hacmhainneachtaí oideoirí agus ar fhosprioc 6 maidir le tacaíocht shóisialta i gcur chun feidhme Sprioc Eorpach #3 don Óige. Chun tacú le cur chun feidhme na dtosaíochtaí, bhí fosprioc 2 maidir le for-rochtain agus faisnéis agus fosprioc 7 maidir le rannpháirtíocht i bpróisis chinnteoireachta ina mbonnlíne mhodheolaíochta.

14. Dhírigh Uachtaránacht na Spáinne ar an óige a phríomhshruthú i bpróisis chinnteoireachta beartais, borradh a chur faoi chur chun feidhme phromhadh na hóige ar bheartais an Aontais arna cheapadh chun peirspictíocht na hóige a ionchorprú sa mheasúnú tionchair ar bheartais phoiblí, rud a áiritheoidh freisin go mbeidh muinín ag daoine óga as na hinstitiúidí Eorpacha. Cuireadh béim freisin ar dhea-bhail mheabhrach daoine óga[5].

15. Bunaithe ar thosaíochtaí na Foirne Trí Uachtaránacht agus ar thorthaí na gcomhairliúchán náisiúnta le linn chéim an chomhairliúcháin den 10ú timthriall, leag Uachtaránacht na Beilge béim ar shé théama a bhaineann le sochaithe cuimsitheacha, eadhon (1) bacainní struchtúracha, (2) ról na faisnéise, (3) sláinte agus dea-bhail mheabhrach, (4) timpeallachtaí foghlama cuimsitheacha foirmiúla, (5) timpeallachtaí foghlama cuimsitheacha seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus (6) dearcthaí agus cultúir idirdhealaitheacha a cheistiú. D'eascair 6 mholadh agus 34 bheart cur chun feidhme a d'fhéadfadh a bheith ann as an bplé i meithleacha Chomhdháil Óige an Aontais sa Bheilg i mí an Mhárta 2024 agus cumhdaíodh na 6 théama sin a bhaineann le sochaithe cuimsitheacha. Áirítear na torthaí sin i míreanna 26 agus 46 agus in Iarscríbhinn III a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir le sochaithe cuimsitheacha do dhaoine óga[6].

---

[5] Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát maidir le cur chuige cuimsitheach i ndáil le meabhairshláinte daoine óga san Aontas Eorpach. IO C, C/2023/1337.

[6] Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le sochaithe cuimsitheacha do dhaoine óga, IO C, C/2024/3808, 27.6.2024.

16. Bhí sé d'aidhm ag Uachtaránacht na hUngáire réitigh a chothú a chuideoidh le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu agus leo siúd i gceantair thuaithe agus iargúlta rath a bheith orthu go háitiúil. Tugadh aird freisin ar an taithí a fuarthas le linn an 10ú timthriall chun machnamh níos doimhne a dhéanamh ar na fadhbanna a tháinig chun cinn agus chun tuilleadh deiseanna forbartha a shainaithint i bpróiseas Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á nAITHINT ACU:

17. Chuir rannpháirtithe Chomhdháil Óige an Aontais i mBúdaipeist in iúl go bhfuil Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg tar éis ionchur daoine óga a bhailiú ar bhealach éifeachtach i gcaitheamh na ndeich dtimthriall dheireanacha chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus chun cuimsiú agus éagsúlacht a chothú trí líonrú, comhar idirearnálach agus idirnáisiúnta a chumasú, agus trí mhalartú dea-chleachtas idir geallsealbhóirí ar fud an Aontais, agus laistigh de thíortha is iarrthóirí agus tíortha comharsanachta. Tá feabhas curtha ag a struchtúr seanbhunaithe a bhfuil cistiú cobhsaí aige ar rannpháirtíocht daoine óga agus eagraíochtaí don aos óg i gceapadh beartas. Léirítear sa mheastóireacht ar Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg[7] go raibh sé an-éifeachtach maidir le teagmháil a dhéanamh le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu ach gur cheart é a bheith d'aidhm aige teagmháil a dhéanamh le níos mó daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna agus arb as ceantair thuaithe agus iargúlta iad chun ionadaíocht níos fearr a áirithiú.

---

[7] Moxon, D., le tacaíocht ó Bárta. O., *Evaluation of participant inclusion levels within the EU Youth Dialogue* [Meastóireacht ar leibhéil cuimsithe rannpháirtithe in Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg], Comhpháirtíocht Óige an Aontais-Comhairle na hEorpa, Strasbourg, Márta 2023.

18. Chuir rannpháirtithe Chomhdháil Óige an Aontais i mBúdaipeist i bhfios go láidir freisin gur féidir tionchar Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg ar chonclúidí ón gComhairle a shainaithint, ach go mb'fhéidir go bhféadfaí é a neartú a thuilleadh freisin, thar bheartas na hóige[8]. Chuige sin, tá gá le faireachán infheictheachta níos fearr, sásraí leantacha agus príomhshruthú na hóige. Is gá téamaí idirphlé a ailíniú le cláir oibre beartais Eorpaigh agus ligean do dhaoine óga ábhair a shocrú. Le scaipeadh méadaithe thorthaí Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg, le haiseolas níos soiléire agus le hinfheictheacht mhéadaithe, is féidir cuntasacht agus trédhearcacht a chothú chomh maith le muinín sa chinnteoireacht pholaitiúil a fheabhsú. D'fhéadfadh ullmhúchán níos fearr toscairí óige, leanúnachas thar thimthriallta, agus rannpháirteachas níos láidre idir toscairí óige agus ionadaithe náisiúnta Comhdhálacha Óige an Aontais a fheabhsú a thuilleadh freisin.

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

19. Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg a neartú trína infheictheacht agus a fhor-rochtain a mhéadú, chun go mbeidh níos mó eagraíochtaí óige, geallsealbhóirí agus daoine óga éagsúla ar lú na deiseanna atá acu rannpháirteach, feabhas a chur ar fhaisnéis agus ar chumarsáid faoin bpróiseas, mar shampla trí ábhair fhaisnéiseacha faoi Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg, rannchuidiú le treoirlínte, bunachair sonraí chuimsitheacha de bheartais ábhartha, dea-chleachtais, creat a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a fhorbairt lena bhféadfaí tacú le leanúnachas idir timthriallta in Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg, chomh maith le pleananna agus tuarascálacha cumarsáide comhleanúnacha cuimsitheacha.

20. Borradh a chur faoin úsáid a bhaintear as Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg mar ionstraim príomhshruthaithe óige trí naisc níos dlúithe a chothú le clár oibre an Choimisiúin agus trí fhéachaint ar bhealaí chun é a nascadh le promhadh na hóige ar an leibhéal Eorpach.

8 Bárta O., Moxon D. (2024). *EUYD10 EU Youth Conference in Budapest, Hungary* [An 10ú Timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg - Comhdháil Óige an Aontais i mBúdaipeist, an Ungáir.]. Tuarascáil chríochnaitheach ón gComhdháil. DOI: 10.5281/zenodo.13836827.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AGUS LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

21. Torthaí an 10ú timthriall d'Idirphlé an Aontais leis as Aos Óg, lena n-áirítear na moltaí ó dhaoine óga, a leagtar amach in Iarscríbhinn I, a chur san áireamh. Na próisis chun na moltaí ó Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg a roinnt leis na geallsealbhóirí ábhartha ar gach leibhéal a fhorbairt a thuilleadh agus tacú leis na próisis sin.

22. Próiseas Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg a neartú agus a fheabhsú trí dhea-chleachtais ón 10ú timthriall d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg agus na prionsabail, lenar cuireadh chun feidhme go rathúil é, a mheas agus, i gcás inar féidir, a chur i bhfeidhm.

23. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do ról na Meithleacha Náisiúnta agus na gComhairlí Náisiúnta don Óige agus an ról sin a chomhdhlúthú, tacú lena dtiomantas próiseas Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg a chur i gcrích sna Ballstáit agus aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann leo maidir le for-rochtain agus éagsúlacht peirspictíochtaí.

24. Infheictheacht Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg in imeachtaí ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a chur chun cinn mar aon le rannpháirtíocht na hóige i bpróisis chinnteoireachta ar gach leibhéal; tacú leis an gcomhar idir an Grúpa Stiúrtha Eorpach, na Meithleacha Náisiúnta, Fóram Eorpach na nÓg, na Comhairlí Náisiúnta don Óige agus Eagraíochtaí Idirnáisiúnta Neamhrialtasacha don Aos Óg, agus geallsealbhóirí eile, agus an comhar sin a neartú, de réir mar is iomchuí.

25. Faisnéis agus uirlisí cumarsáide atá soláimhsithe ag an óige a chothú agus acmhainní a éascú chun raon níos mó agus níos éagsúla daoine óga ó chúlraí éagsúla agus ó ghrúpaí sóisialta éagsúla agus ó eagraíochtaí óige ar gach leibhéal a mhealladh chun cabhrú leis an obair atá ar bun chun na spriocanna, a leagtar síos do phróiseas Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg i Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, a bhaint amach a dhéanamh.

26. Cur chuige níos inbhuanaithe, níos uileghabhálaí agus níos straitéisí a áirithiú maidir le cumarsáid Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg , a áirithiú go mbeidh faisnéis ábhartha atá soláimhsithe ag an óige ar fáil, agus, i gcás inarb iomchuí, tacaíocht bhreise a chur ar fáil do na Meithleacha Náisiúnta. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh mar shampla trí straitéis chumarsáide agus lámhleabhar cumarsáide a chomhchruthú faoi cheannaireacht an Ghrúpa Stiúrtha Eorpaigh chun infheictheacht agus trédhearcacht Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg a fheabhsú a mhéid a bhaineann le heagraíochtaí óige a bheith rannpháirteach ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, i gcás inarb ábhartha.

27. Cuimhne institiúideach fhadtéarmach agus leanúnachas idir timthriallta Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg a fheabhsú (mar shampla trí struchtúr buan a fhorbairt a d'fhéadfadh a bheith ina rúnaíocht fhéideartha d'Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg agus seicliosta ón nGrúpa Stiúrtha Eorpach a thacódh le hullmhú agus obair na dtrí uachtaránacht a bheidh ann amach anseo). Is éard atá i gceist leis sin malartuithe agus comhordú rialta faoi stiúir na hóige a chothú, le tacaíocht leordhóthanach ón bhfoireann trí Uachtaránacht, ón Uachtaránacht dheireanach ón bhfoireann trí Uachtaránacht roimhe sin, ón gcéad Uachtaránacht ón gcéad fhoireann trí Uachtaránacht eile, ón gCoimisiún, agus i gcás inarb iomchuí, ó Fhóram Eorpach na nÓg.

28. Aiseolas leanúnach a chur ar fáil do dhaoine óga agus d'eagraíochtaí don aos óg faoi phróiseas Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg, na torthaí atá air agus an obair leantach ina thaobh chun idirphlé fóinteach agus rannpháirtíocht na hóige ar gach leibhéal a áirithiú.

29. Torthaí thimthriallta Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg a bhí ann roimhe sin a chur san áireamh agus timthriallta don todhchaí á bpleanáil agus á gcur chun feidhme, agus feabhas a chur ar na hiarrachtaí a bhaineann le meastóireacht agus faireachán chun athbhreithniú córasach a chothú ar mholtaí arna gcur in iúl ag daoine óga agus ar an obair leantach orthu chun timpeallacht ceaptha beartais óige atá níos cuimsithí, níos uilíche agus níos freagrúla a chur chun cinn.

30. Tacú le próiseas an mhéadaithe, féachaint conas is féidir tuilleadh teagmhála a dhéanamh le daoine óga ó thíortha is iarrthóirí agus ó thíortha is iarrthóirí ionchasacha i gcás inarb iomchuí.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á THABHAIRT DÁ nAIRE:

31. Is é an tosaíocht fhoriomlán a bheidh ag an gcéad fhoireann trí Uachtaránacht eile (an Pholainn, an Danmhairg agus an Chipir) sprioc Eorpach #1 don Óige: An tAontas a nascadh leis an óige.

## IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

MOLTAÍ COMHPHÁIRTEACHA ÓN 10ú TIMTHRIALL D'IDIRPHLÉ AN AONTAIS LEIS AN AOS ÓG

'TÁ AN ÓIGE DE DHÍTH ORAINN'

Na smaointe agus na tuairimí a bhí ag daoine óga a roinneadh ag Comhdhálacha Óige an Aontais i mí Dheireadh Fómhair 2023 in Alicante, i mí an Mhárta 2024 in Gent agus i mí Mheán Fómhair 2024 i mBúdaipeist, díríodh iad ar sprioc Eorpach #3 don Óige maidir le 'Sochaithe Cuimsitheacha' faoin mana 'TÁ AN ÓIGE DE DHÍTH ORAINN'. Is léiriú iad na moltaí ar phróiseas a thosaigh le linn Uachtaránacht na Spáinne, a lean ar aghaidh le linn Uachtaránacht na Beilge agus a chríochnaigh le linn Uachtaránacht na hUngáire.

Le Comhdháil Óige an Aontais a bhí ar siúl in Alicante ón 2 go dtí an 4 Deireadh Fómhair 2023, tugadh aghaidh ar bhacainní, ar struchtúir tacaíochta, ar athruithe riachtanacha i réimse an chuimsithe chomh maith le rannchuidithe ó réimse na hóige.

Is iad seo a leanas príomhchonclúidí na Comhdhála, a bhí ina n-ábhair ábhartha le linn an 10ú timthriall ar fad:

– Easpa éagsúlachta, nasc agus acmhainní, bíodh sin san oideachas, sa chúram sláinte, sa bhonneagar, sa tithíocht agus san fhaisnéis, agus béim á leagan ar an deighilt dhigiteach. Ag an am céanna, ní thugtar dóthain aitheantais d'inniúlachtaí a fhaightear, go háirithe trí fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus trí ghníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta.

– Ní mór beartas na hóige a phríomhshruthú, lena n-áiritheofar rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga ag gach céim den cheapadh beartas, agus béim á leagan ar bheartas fianaise-bhunaithe trasearnála don óige a ndéanann an óige féin comhbhainistiú air.

– Is gá aitheantas a thabhairt do ghairmithe i réimse na hóige, go háirithe iad siúd atá ag obair le grúpaí éagsúla óige, agus béim á leagan ar an gcuimsiú agus ar an trasnachas, le tacaíocht ó éisteacht ghníomhach, agus muinín á bhunú agus spásanna sábháilte á gcruthú do rannpháirtíocht na hóige.

– Ina theannta sin, mhol rannpháirtithe bearta chun feabhas a chur ar inrochtaineacht scéimeanna soghluaisteachta an Aontais chomh maith le bearta a chur chun feidhme mar shampla Comhairlí Comhairleacha maidir le Comhionannas agus Cuimsiú, promhadh na hóige ar bheartais an Aontais, for-rochtain óige tuaithe, tacaíocht leanúnach do chomhairlí náisiúnta óige agus idirghníomhaíocht mhéadaithe idir daoine óga agus lucht ceaptha beartas an Aontais.

Bhí Comhdháil Óige an Aontais ar siúl in Gent ón 2 go dtí an 5 Márta 2024 agus bhí sé mar aidhm léi bunús láidir a bhunú don ghníomhaíocht pholaitiúil agus ba é an toradh a bhí uirthi 6 mholadh agus 34 bheart cur chun feidhme maidir le todhchaí an chuimsithe san Eoraip, a bhí dírithe ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach:

– Tacaíocht níos fearr a thabhairt do dhaoine óga atá buailte ag an mbochtaineacht agus ag eisiamh airgeadais chun aistriú chuig neamhspleáchas airgeadais agus slándáil trí chéimeanna a thabhairt chun tithíocht inacmhainne a chur chun cinn, rochtain ar obair agus ar fhostaíocht ardcháilíochta a mhéadú, aghaidh a thabhairt ar bhacainní soghluaisteachta, agus litearthacht airgeadais daoine óga a áirithiú.

– A áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine óga ar chúram sláinte ardcháilíochta agus ar chórais tacaíochta meabhairshláinte atá inacmhainne, fabhrach don óige agus pearsantaithe. Ina theannta sin, timpeallachtaí sábháilte agus oscailte a chruthú do dhaoine óga chun go mbeidh siad in ann labhairt gan bhac agus foghlaim faoin tsláinte agus faoin dea-bhail mheabhrach.

– Oideachas agus obair óige a chur chun cinn agus infheistiú iontu chun an méid seo a leanas a dhéanamh: timpeallachtaí foghlama a dhéanamh níos inrochtana agus níos cuimsithí do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu; oideachas a chur in oiriúint do riachtanais daoine óga; comhar a mhéadú idir an t-oideachas foirmiúil, an t-oideachas seachfhoirmiúil agus an fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus ar fud earnálacha eile.

– Cistiú, fothú acmhainneachta agus tacaíocht eile d’oideoirí a mhéadú chun go mbeidh siad rannpháirteach san fhoghlaim ar feadh an tsaoil maidir leis an méid seo a leanas: daoine óga ar lú na deiseanna atá acu a chuimsiú; leas a bhaint as éagsúlacht daoine óga; spásanna sábháilte a chruthú chun comhroinnt agus foghlaim le daoine óga ó chúlraí éagsúla agus chun cur ar chumas na ndaoine óga sin a bheith ag comhroinnt agus ag foghlaim; agus cineálacha cur chuige teagaisc agus foghlama atá pearsantaithe agus dírithe ar an óige a chruthú.

– Feabhas a chur ar chumas na ndaoine a oibríonn leis an óige agus ar a son faisnéis atá fabhrach don óige a scaipeadh go héifeachtach chun go mbeidh faisnéis faoi chearta agus deiseanna inrochtana. Ina theannta sin, litearthacht meán agus faisnéise na hóige a neartú ionas gur féidir léi faisnéis iontaofa agus bealach sábháilte chun déileáil le faisnéis a aithint.

– Beartais a chur i bhfeidhm chun deireadh a chur le hidirdhealú córasach, le claontuairim neamh-chomhfhiosach, le dearcthaí naimhdeacha agus chun foghlaim leanúnach a spreagadh faoi gach cineál éagsúlachta agus faoi conas droim láimhe a thabhairt le claontachtaí. Ba cheart na beartais sin a fhorbairt i gcomhar le daoine óga a bhfuil taithí shaoil ábhartha acu i ngach réimse.

Ag Comhdháil Óige an Aontais, a bhí ar siúl i mBúdaipeist ón 7 go dtí an 10 Meán Fómhair 2024, mhol daoine óga ceantair thuaithe agus iargúlta a dhéanamh níos bríomhaire agus níos tarraingtí don óige trí dhíriú ar an méid seo a leanas:

– Rannpháirteachas fóinteach agus rannpháirtíocht fhóinteach na hóige a chothú, agus pobail tuaithe thacúla á gcothú ag an am céanna, lena dtéitear i ngleic le claontacht, lena ndéantar comhar idirghlúine a spreagadh, agus lena bhforbraítear idirphlé inrochtana agus spásanna coiteanna.

– Feabhas a chur ar rochtain ar bhonneagar saincheaptha, lena n-áirítear nascacht idirlín, iompar, fuinneamh glan, agus seirbhísí sláinte.

– Feasacht a mhúscailt maidir le bealaí malartacha fostaíochta mar shampla cianobair agus bealaí nuálacha feirmeoireachta, agus tacaíocht á tabhairt d'fhiontraíocht tuaithe ag an am céanna trí mheantóireacht, tríd an gclaochlú digiteach, agus trí dhreasachtaí airgeadais.

– Tionscnaimh a chur chun cinn, mar shampla malartuithe ógra idir ceantair uirbeacha agus thuaithe agus deiseanna foghlama agus tacú le hoibrithe taistil don óige chun cur le taithí agus scileanna daoine óga atá faoin tuath.

– Rochtain ar sheirbhísí agus acmhainní meabhairshláinte a fheabhsú trí ghníomhaíocht áitiúil a chothú, feasacht a mhúscailt maidir leis an gcistiú atá ar fáil, agus idirphlé a spreagadh maidir le dea-bhail mheabhrach i gceantair thuaithe.

Ní fhorchuirtear aon cheanglais fhoirmiúla leis na moltaí a mhéid a bhaineann le beartais náisiúnta óige . Mar sin féin, is féidir leo a bheith ina bhfoinse inspioráide do na Ballstáit.

## IARSCRÍBHINN II A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Tagairtí:

Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022 (COM/2024/1 final).

Cinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022), IO L 462, 28.12.2021.

Rún ón gComhairle agus ó ionadaithe na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena mbunaítear treoirlínte maidir le rialachas Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg, Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, IO C 189, 5.6.2019.

Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún ar an meastóireacht Eatramhach ar Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019- 2027 (COM (2024) 162 final).

An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil flais-Eorabharaiméadair 502: *Youth and Democracy in the European Year of Youth Report* [Tuarascáil ar an Óige agus an Daonlathas i mBliain Eorpach na hÓige]. 2022, ISBN 978-92-76-51265-3.

Tuairim féintionscnaimh ó CESE: Obair leantach Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg a neartú trí threoirlínte faireacháin agus trédhearcachta, SOC/795-EESC-2024.

Moxon, D., le tacaíocht ó Bárta. O., *Evaluation of participant inclusion levels within the EU Youth Dialogue* [Meastóireacht ar leibhéil cuimsithe rannpháirtithe in Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg], Comhpháirtíocht Óige an Aontais-Comhairle na hEorpa, Strasbourg, Márta 2023.

Moxon, D., agus Bárta, O., *Desktop Analysis of the Outcomes of EU Youth Dialogue Cycles 1-10* [Anailís Deisce ar Thorthaí Thimthriallta 1-10 d'Idirphlé an Aontais leis an Aon Óg]. Zenodo, Lúnasa 2024.

Verstappen, L., *Green and ethical framework for events during the Belgian EU Presidency in the field of youth* [Creat glas agus eiticiúil le haghaidh imeachtaí le linn Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh i réimse na hóige]. 2023. Uimhir iosta D/2023/3241/441.